2026/2609

23.11.2026

CINNEADH (AE) 2026/2609 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Samhain 2026

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte agus le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine maidir le héascú infheistíochta inbhuanaithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4), de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bhrí gur cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích le Poblacht Arabach na hÉigipte agus comhaontú a thabhairt i gcrích le Ríocht Haisimíteach na hIordáine maidir le héascú infheistíochta inbhuanaithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte agus le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine maidir le héascú infheistíochta inbhuanaithe.

Airteagal 2

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

Airteagal 3

Leis seo, dírítear na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Airteagal 4

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála (Saineolaithe – Seirbhísí agus Infheistíocht), a ainmnítear leis seo mar choiste speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 218(4) den Chonradh.

Airteagal 5

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiúin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

H. MCENTEE